

**Foirm um Cheapachán Múinteoirí Bunscoile 2023/2024****Seolfar foirmeacha neamhiomlána ar ais chuig an Scoil.  
Sonraí an Mhúinteora** Cuir tic leis seo más mian leat do chomhfhreagras a fháil trí GhaeilgeUimhir PSP Uimhir Phárolla. Céadainm Sloinne Inscne 

Seoladh Comhfhreagrais

Ní mór go n-eiseofaí an comhfhreagras go léir do phearsanra a íoctar ar phárolla na Roinne chuig an seoladh seo (ní seoladh na scoile)

Dáta breithe Stádas Sibhialta (féach aguisín A) Uimhir fóin ríomhphost **Sonraí na Scoile**Uimhir Rolla Ainm na Scoile ríomhphost Uimhir fóin **Sonraí Fostaíochta**Cineál Conartha Uaireanta 

(e.g. Conradh Buan, Conradh Tréimhse Éiginnte, Conradh Lánaimseartha ar théarma Seasta, conradh páirtaimseartha ar théarma seasta)

An Cineál Poist 

(e.g. Príomhoide, Múinteoir Príomhshrutha, Múinteoir Oideachais Speisialta, Múinteoir Sainábhair)

Dáta tosaithe an Cheapacháin: Dáta Deiridh an Cheapacháin ar Théarma Socraithe\* 

(\*i gcás ceapacháin ar Théarma Socraithe – cuir isteach an dáta deiridh más eol duit é)

Bunús an Phoist Ainm an Mhúinteora/na Múinteoirí atá á (h)ionadú/n-ionadú: **Sonraí Bainc (ní gá iad seo a chomhlánú ach amháin i gcás go bhfuil athrú tagtha ar na sonraí cuntais). NB: Cinntigh, le do thoil, go bhfuil do Chuntas Bainc comhoiriúnach le SEPA. De bhíri go bhfuil Banc Uladh agus KBC ag imeacht as margadh na hÉireann, cinntigh, le do thoil, go ndearnadh sonraí do chuntais bainc a uasdátú má tá cuntas agat leis na bainc sin.**Ainm an Bhainc Seoladh an Bhainc Ainm ar an gCuntas IBAN BIC A luaithe a bheidh sí comhlánaithe go hiomlán, is féidir an fhoirm seo a shíniú, a scanadh agus a sheoladh ar ríomhphost i bhformáid **pdf** ag úsáid na foirme teagmhála atá ar fáil ar líne ag

## Sonraí maidir le Clárúchán na Comhairle Múinteoireachta

- Cuir tic sa bhosca lena dheimhniú go bhfuil tú cláraithe faoi láthair leis an gComhairle Mhúinteoireachta chun críche na Múinteoireachta Bunscoile, i gcomhréir le ciorcláin 31/2011, 25/2013 & 52/2013.

Uimhir Chlárúcháin na Comhairle Múinteoireachta

**Mura bhfuil tú cláraithe, ní féidir tú a cheapadh agus níor cheart duit an fhoirm seo a chomhlánú.**

**Tabhair do d'aire:** Is ar an múinteoir atá an fhreagracht a chinntiú go bhfuil clárúchán na Comhairle Múinteoireachta i gceart, athnuaithe in am agus coinnithe cothrom le dáta. Ní fhéadfar múinteoir a íoc i leith tréimhse ar bith nach bhfuil sé/sí cláraithe le haghaidh múinteoireacht Bhunscoile, nó i gcás gur cheadaigh sé/sí don chlárúchán dul i léig. Tá sé de fhreagracht ar an scoil a dheimhniú go bhfuil an ceapaí atá beartaithe cláraithe faoi láthair leis an gComhairle Mhúinteoireachta.

## Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána

Oibleagáidí grinnfhiosrúcháin reachtúla faoi na hAchtanna um an mBiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin (Leanaí agus Daoine Soghonta), 2012 go 2016, agus faoi Chiorclán 31/2016 le héifeacht ón 29 Aibreán 2016.

**Ní mór an chuid seo a chomhlánú.**

*Tabhair do d'aire: Tá múinteoirí atá á (n)ath-ímlonnú faoi réir cheanglais an Achta um an mBiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin (Leanaí agus Daoine Soghonta), 2012 go 2016 agus chiorclán 31/2016*

- Cuir tic sa bhosca chun a léiriú gur chomhlíon an t-údarás scoile na hoibleagáidí grinnfhiosrúcháin reachtúla atá air faoi na hAchtanna um an mBiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin (Leanaí agus Daoine Soghonta), 2012 go 2016, agus cheanglais Chiorclán 0031/2016 i ndáil leis an gceapachán seo atá beartaithe.

Murar comhlíonadh an ceanglas sin, níl an ceapaí atá beartaithe incháilithe lena c(h)eapadh. **Níor** cheart an fhoirm cheapacháin a chur isteach. Ba cheart don údarás scoile a thabhairt faoi deara freisin gur cion coiriúil é mainneachtain oibleagáid ghrinnfhiosrúcháin faoi na hAchtanna um an mBiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin (Leanaí agus Daoine Soghonta), 2012 go 2016, a chomhlíonadh.

## Oiriúnacht Leighis le Dul i mBun Teagaisc

- Cuir tic sa bhosca chun a léiriú go bhfuair tú an "Tuarascáil Mheasúnaithe um Oiriúnacht Leighis le haghaidh Fostaíochta" ón gceapaí atá beartaithe lena ndeimhnítear oiriúnacht leighis le dul i mbun teagaisc, i gcomhréir leis an Lámhleabhar um Níosanna Imeachta Fostóirí na Seirbhíse Sláinte Ceirde.

# Foirm Údaraithe – Íocaíochtaí Sochair Breoiteachta/ Gortaithe

(NÁ comhlánaigh má tá tú le hathcheapadh i bpost Buan/ar chonradh tréimhse éiginnte/i bpost sealadach sa scoil chéanna ina raibh tú anuraidh)

Ba cheart do mhúinteoirí atá faoi dhliteanas ÁSPC a íoc an sainordú thíos a chomhlánú.  
Braitheann íoc tuarastail le linn tréimhsí asláithreachta ar rialacháin ÁSPC a chomhlíonadh. Tá tuilleadh Faisnéise ar fáil ag <https://www.gov.ie/en/collection/efad5-payroll-services/>

Tá na coinníollacha agus na nósanna imeachta a bhaineann le hoibriú na scéimeanna pá um shochar breoiteachta is infheidhme maidir le múinteoirí Bunscoile léite agam agus tuigim iad.

Ag brath ar na ranníocaíochtaí ÁSPC a dhéanaim, is eol dom go bhféadfainn a bheith i dteideal íocaíochta ón Roinn Coimirce Sóisialaí i dtaca le hasláithrecht faoi na scéimeanna sin. Admhaím gur faoi réir na gcoinníollacha seo a leanas a bheidh íocaíocht ón Roinn Oideachais le linn asláithreachta ar shaoire bhreoiteachta:

- (a) go ndéanfaidh mé na héilimh is gá ar shochar breoiteachta / gortaithe chuig an Roinn Coimirce Sóisialaí laistigh de na teorainneacha ama atá riachtanach agus go gcomhlíonfaidh mé, a fheabhas agus is féidir liom, cibé ceanglas a leagfaidh an Roinn Coimirce Sóisialaí síos mar choinníoll i dtaca le sochar a éileamh.
- (b) go n-aontaím le leasuithe ar bith ar íocaíocht na scéime Sochair Breoiteachta / Gortaithe a fhéadfaidh an Roinn Oideachais a thabhairt isteach sa todhcháí.

Admhaím, freisin, go ndéanfar íocaíochtaí ar bith atá dlite dom ón Roinn Coimirce Sóisialaí i leith asláithreachta den sórt sin de réir na socruithe reatha i gcomhair íocaíochta a aisghabháil trí asbhaintí as mo thuarastal.

Uimhir PSP

Sínithe  
(Múinteoir)

Dáta

## Seicliosta agus Dearbhú an Mhúinteora

Deimhním an méid seo a leanas i gcás gach ceann díobh seo thíos:

1. Dearbháimse, a bhfuil m'ainm thíos, go bhfuil an fhaisnéis atá taifeadta sa doiciméad seo fíor, cruinn agus iomlán. Tuigim go bhfuilim freagrach as cruinneas na faisnéise agus má dhéanaim faisnéis ar bith a cheilt d'aon ghnó go bhfuil an baol ann go gcaillfidh mé an ceapachán.
2. Táim cláraithe leis an gComhairle Mhúinteoireachta faoi láthair agus leanfaidh mé orm ag athnuachan an chláirúcháin leis an gComhairle Mhúinteoireachta le linn mo cheapacháin. Tá sé aontaithe agam sonraí maidir le mo chuid cáilíochtaí a chur ar fáil don Roinn Oideachais.
3. Tuigim go gcuirtear ceangal orm le halt 30 den Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001, mo chláirúcháin leis an gComhairle Mhúinteoireachta a choinneáil cothrom le dáta ionas go n-íocfaidh an Roinn Oideachais tuarastal liom de réir Chiorclán 0052/2013.
4. Tá mo chonradh fostaíochta faighte, léite agus sínithe agam agus aontaím go gcomhlíonfaidh mé téarmaí an chonartha sin.
5. Tá an féindearbhú comhlánaithe agam mar is cuí de réir mhír 4 de Chiorclán 07/2013 dar teideal An Scéim Pinsin Seirbhíse Poiblí Aonair do Mhúinteoirí agus do Chúntóirí Riachtanas Speisialta atá fostaíte i mBunscoileanna, Meánscoileanna, Pobalscoileanna/Scoileanna Cuimsitheacha.
6. De réir cheanglais Chiorclán 0031/2016 um Ghrinnfhiosrúchán an Gharda Síochána, deimhním go bhfuil an dearbhú reactúil maidir le cosaint leanaí curtha ar fáil agam don údarás scoile, dearbhú a rinneadh le linn na bliana féilire seo nó le linn na bliana féilire seo caite.
7. Ón dáta ar shínigh mé an dearbhú reactúil sin, deimhním don údarás scoile nach bhfuil gné ar bith de m'iompraíocht, de mo charachtar ná de mo chúlra pearsanta, a mhéid is eol dom agus a chreidim, a rachadh chun dochair, ó thaobh cosaint leanaí de, don phost muiníne a bheadh agam i ndáil le leanaí nó le daoine soghonta de bhua mé a cheapadh i bpost teagaise sa scoil seo.
8. Admhaím agus tuigim go mbeidh deimhniú bréagach nó míthreorach ar bith i dtaca le m'iompar, mo charachtar nó mo chúlra pearsanta nó aon fhaillí ar mo thaobhsa maidir leis an údarás scoile a chur ar an eolas faoi athruithe ábhartha a d'fhéadfadh cur isteach ar m'oiriúnacht ó thaobh cosaint leanaí de, ina shárú ar mo chonradh fostaíochta agus go bhféadfadh sé a bheith mar fhoras chun mé a dhífhostú ar an toirt ag an údarás scoile.
9. Is eol dom nach bhfuil sé de cheangal orm anois, ná sa todhchaí, sonraí maidir le ciontú ar bith a mheastar a bheith spíonta faoin Acht um Cheartas Coiriúil (Ciontuithe Spíonta agus Nochtadh Áirithe), 2016, a nochtadh, ach i gcomhréir le halt 10 den Acht sin, nach bhfuil sé sin infheidhme áfach i gcás ciontú ar bith i dtaca le cionta atá sonraithe i gCuid 1 nó i gCuid 2 de Sceideal 1 den Acht sin nó iad sin atá sonraithe i Sceideal 3 de na hAchtanna um an mBiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin (Leanaí agus Daoine Soghonta), 2012 go 2016.
10. Geallaim freisin go dtabharfaidh mé fógra don údarás scoile thuasluaite faoi aon athruithe ar an staid thuasluaite a rachadh chun dochair do m'oiriúnacht, ó thaobh cosaint leanaí de, d'fhostaíocht leanúnach leis an údarás scoile ná d'aon fhostaíocht ina dhiaidh sin leis an údarás scoile.
11. Déanfaidh mé aon airgead nach bhfuil iníochta i gceart liom a aisíoc leis an Aire Oideachais. Aontaím go gcloifidh mé le Beartas Ró-Íocaíochtaí na Roinne ina leith sin, faoi mar atá leagtha amach i gCiorclán 84/2015.
12. Tuigim na coinníollacha agus na nósanna imeachta a bhaineann le scéimeanna pá máithreachais/uchtála a oibriú. Chiorclán 54/2019
13. Tá an Nóta Faisnéise do Mhúinteoirí Bunscoile léite agam.
14. Tá an fhoirm shainordaithe, an Fhoirm Údaraithe (íocaíochtaí sochair breoiteachta) sínithe agam
15. Tuigim go bhféadfadh sé 8 seachtaine a thógáil sula ndéanfar íocaíocht liom tar éis na doiciméid ábhartha uile a bheith faighte sa Roinn. Tá sé sin amhlaidh mar gheall ar chur i gcrích an phróisis párolla agus má sheoltar an doiciméad seo ar ais mar gheall go bhfuil sí neamhiomlán, ní íocfar tuarastal liom go dtí go mbeidh foirm atá comhlánaithe ina hiomláine faighte agus próiseáilte ag an Roinn.
16. Dearbháim go lorgóidh mé cead ó m'fhostóir sula nglacfaidh mé páirt in aon obair sheachtrach agus nach gcuirfidh aon obair sheachtrach a dhéanfaidh mé isteach ar chomhlíonadh mo chuid dualgas agus freagrachtaí i leith na scoile.

Sínithe: Múinteoir

Dáta

## Seicliosta agus Dearbhú an Phríomhoide/an Chathaoirleach

Deimhním an méid seo a leanas i gcás gach ceann díobh seo thíos:

1. Tá na codanna ábhartha uile den doiciméad seo comhlánaithe agus tá na sonraí atá ann fíor agus cruinn.
2. Tá conradh scríofa fostaíochta sínithe ag an dá pháirtí, tá an conradh sin á choinneáil sa scoil seo agus tá cóip de tugtha don mhúinteoir.
3. Glacaim leis go bhfuil sé de dhuilgias ar an údarás scoile a chinntiú go bhfuil an fhoirm seo comhlánaithe i gceart chun gur féidir tuarastal agus líuntais a íoc, nuair is infheidhme, leis an gceapaí.
4. Tá sé deimhnithe agam go bhfuil an ceapaí cláraithe faoi láthair leis an gComhairle Mhúinteoireachta.
5. Maidir le conarthaí nua ar théarma seasta bliana atá á dtairiscint don scoilbhliain 2023/24, nó maidir le conradh nua tréimhse éiginnte, deimhním gur comhlíonadh téarmaí Chiorclán 0024/2015.
6. Tá teistiméireachtaí fostaíochta seiceáilte agam le beirt ar a laghad de na fostóirí is déanaí agus tá an stair fostaíochta is déanaí deimhnithe agam leo freisin.
7. Tá deimhniú oiriúnachta le dul i mbun teagaise faighte agam ón tSeirbhís Sláinte Ceirde i dtaca leis an gceapaí atá beartaithe.
8. Deimhním go bhfuil cáilíochtaí atá oiriúnach do chuspóir an phoist ag an gceapaí agus go sásaíonn sé/sí na critéir dá bhfuil sé/sí beartaithe (Féach Chiorclán 31/2011, Chiorclán 25/2013 & Chiorclán 52/2013).
9. Deimhním go bhfuil ceanglais na nAchtanna um an mBiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin (Leanaí agus Daoine Soghonta), 2012 go 2016, agus Chiorclán 0031/2016 maidir le Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána comhlíonta maidir leis an gceapaí seo atá beartaithe.
10. Deimhním go bhfuil an ceapachán seo i gcomhréir le téarmaí Chiorclán 0006/2023 Socruithe um Sholáthar Foirme i mBunscoileanna don scoilbhliain 2023/2024.
11. Fuair mé eolas ar an bhfolúntas  múinteoireachta seo ar an:
12. Ar tógadh an Múinteoir seo ó Phainéal Ath-ímlonnaithe? Tógadh Níor tógadh
13. Má tógadh, sonraigh an Painéal Ath-ímlonnaithe
14. Fógraíodh an folúntas seo d'oibreoir ábhartha an phainéil ath-ímlonnaithe (m.sh. Rúnaí na Deoise) nó an Roinn nuair nach bhfuil painéal ar bith i gceist ar an:
15. Murar líon múinteoir buan nó múinteoir a bhfuil conradh tréimhse éiginnte aige/aici ó phainéal ath-ímlonnaithe an folúntas, sonraigh an chúis, le do thoil.

Sínithe: Príomhoide / Bainisteoir na Scoile / Cathaoirleach

Dáta

I gcás go bhfuil Príomhoide á c(h)eadadh, cinntigh, le do thoil, go sineoidh an múinteoir an fhoirm agus go ndéanfaidh Cathaoirleach an Bhoird Bainistíochta í a chomhshíniú.

## Ráiteas Príobháideachais maidir le Cosaint Sonraí

Is é an **príomhchuspóir** dá dteastaíonn na sonraí pearsanta arna soláthar agatsa ón Roinn ná chun tuarastal a íoc. Tá siad riachtanach freisin chun pinsean a íoc nuair a théann tú ar scor. Féadfar na sonraí pearsanta a chuirtear ar fáil a mhalartú le do scoil i leith do cheapacháin mar a éilítear le do chonradh; leis an gComhairle Mhúinteoireachta, nuair is cuí, i leith stádas do chlárúcháin, leis na Coimisinéirí Ioncaim, an Roinn Coimirce Sóisialaí, an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe de réir mar a éilítear leis an dlí; agus le comhlachtaí ar bith eile a bhfuil treoir tugtha agat dóibh go ndéanfaí asbhaintí saorálacha ó do phá.

Chomh maith le sonraí pearsanta a bhailiú ar mhaithe le próiseáil an phárolla, d'fhéadfaí roinnt sonraí pearsanta a chuireann Príomhoidí agus Phríomhoidí Tánaisteacha nuacheaptha ar fáil a roinnt leis na Seirbhísí Tacaíochta um Oideachas Múinteoirí atá maoinithe ag an Roinn ar mhaithe le pleanáil a dhéanamh agus tacaíochtaí Forbartha Gairmiúla Leanúnaí a chur ar fáil do Phríomhoidí agus do Phríomhoidí Tánaisteacha.

Is féidir teacht ar an bhfógra príobháideachais maidir leis an bhfoirm seo ag:

<https://www.gov.ie/en/collection/general-data-protection-regulation-gdpr-privacy-notices/>

Tá sonraí iomlána faoi bheartas na Roinne maidir le cosaint sonraí ina leagtar amach an bealach a mbainfimid úsáid as do shonraí pearsanta nó as sonraí pearsanta do linbh chomh maith le heolas faoi do chearta mar dhuine is ábhar do shonraí ar fáil ag:

<https://www.gov.ie/en/organisation-information/data-protection/>

Tá cóip chrua den bheartas sin agus den fhógra príobháideachais ar fáil freisin ón seoladh thíos ach í a iarraidh.

## Nótaí chun an Fhoirm seo a chomhlánú.

1. Nuair atá sí comhlánaithe go hiomlán is féidir an fhoirm seo a shíniú, a scanadh agus a chur isteach i bhformáid pdf agus úsáid á baint as an bhfoirm theagmhála atá ar fáil ar líne ag <https://dessurveys.education.gov.ie/surveys/Payroll-Query-Form>. Ba cheart foirmeacha do cheapachán múinteoirí aonair a chur isteach astu féin.
  2. Mar mhalairt air sin, is féidir foirmeacha a phostáil chuig an seoladh thíos agus a chinntiú go bhfuil uimhir rolla na scoile marcáilte go soiléir ar an gclúdach litreach. Ná seol cóipeanna den fhoirm chéanna ar an bpost agus ar ríomhphost.
- An Rannóg Párolla  
Bunmhúinteoirí,  
An Roinn Oideachais,  
Cor na Madadh  
Baile Átha Luain  
Contae na hIarmhí  
N37 X659
3. Níl dearbhú faoi Acht na Scéime Aonair infheidhme ach amháin i gcás go raibh teidlíochtaí seirbhíse poiblí nó pinsin ag an múinteoir lasmuigh den bhunmhúinteoireacht (m.sh. FSS, BOO, Státseirbhís etc.)
  4. Is féidir sonraí Cuntais Bainc a uasdátú má tá athrú tagtha ar shonraí an chuntais atá ag an Rannóg Párolla cheana féin i do leith.

11 rogha a dhéanann cur síos ar chaidreamh idir beirt de réir an dlí:

1. Singil
2. Pósta
3. Páirtí Sibhialta
4. Colscartha
5. Comháitritheoir
6. Scartha go breithiúnach
7. Scartha
8. Iar-pháirtí Sibhialta
9. Baintreach/Baintreach Fir
10. Páirtí Sibhialta a mhaireann
11. Ní fios

Mura mbíonn an Stádas Sibhialta ar eolas roghnaítear “Ní fios” go ndeimhnítear an stádas.

### Sainmhíniú ar Stádas Sibhialta (mar a aithnítear i nDlí náisiúnta na hÉireann é):

Rogha	Sainmhíniú
Singil	Duine nár phós ná nach ndeachaigh isteach i bpáirtnéireacht shibhialta riamh.
Pósta	Duine nó beirt d’inscne ar bith a bhfuil pósadh cláraithe acu leis an Stát.
Páirtí Sibhialta	Duine ar duine de bheirt den inscne chéanna é/í atá ina c(h)omhpháirtí cláraithe i bpáirtnéireacht shibhialta a aithníonn an Stát agus nár scaoileadh ná nach bhfuil faoi réir foraithe neamhnithe.
Colscartha	Duine a bhí pósta roimhe seo agus ar glacadh le foraithe colscartha ina c(h)ás sa chúirt chuí faoin Acht um an Dlí Teaghlaigh (Colscaradh), 1996 nó a aithnítear mar sin i ndlí na hÉireann.
Comháitritheoir	Is ionann comháitritheoir agus duine de bheirt daoine fásta (den inscne chéanna nó d’inscni éagsúla) a chónaíonn le chéile mar lánúin i ndlúthchaidreamh dúthrachtach agus nach bhfuil gaol acu lena chéile laistigh de na céimeanna gaoil atá toirmiscthe, nó pósta lena chéile nó i bpáirtnéireacht shibhialta le chéile.
Scartha go breithiúnach	Duine ar bronnadh scaradh breithiúnach air/uirthi faoin Acht um an Dlí Teaghlaigh, 1995 nó a aithnítear mar sin i nDlí na hÉireann.
Scartha	Duine a bhfuil scaradh aontaithe aige/aici ach nach bhfuil foraithe scartha bhreithiúnaigh faighte aige/aici faoin Acht um an Dlí Teaghlaigh, 1995.
Iar-pháirtí Sibhialta	Duine a bhí i bpáirtnéireacht chlártaite shibhialta a scaoileadh (ach amháin má scaoileadh í trí phósadh lánúine a bhíodh go dtí sin i bpáirtnéireacht chlártaite shibhialta a chlárú).
Baintreach/Baintreach Fir	Duine a bhí pósta agus ar bhásaigh a c(h)éile agus nár phós arís ó shin.
Páirtí Sibhialta a mhaireann	Duine a bhíodh i bpáirtnéireacht shibhialta agus ar bhásaigh a c(h)éile agus nach ndeachaigh isteach i bpáirtnéireacht shibhialta eile ná nár phós ó shin.
Ní fios	Úsáidtear an réimse seo nuair nach bhfuil stádas sibhialta bail ar eolas agus nuair nach féidir teacht ar an eolas sin go héasca. Ní úsáidtear an réimse seo ach amháin go dtí go ndéantar an stádas sibhialta a dheimhniú.

## Dearbhú faoi Acht (Scéim Aonair)

An bhfuil tú fostaithe san earnáil phoiblí in Éirinn faoi láthair? (Seachas mar mhúinteoir Bunscoile)	Tá	<input type="checkbox"/>	Níl	<input type="checkbox"/>
An raibh seirbhís agat san earnáil phoiblí in Éirinn roimhe seo? (Seachas mar mhúinteoir Bunscoile)	Bhí	<input type="checkbox"/>	Ní raibh	<input type="checkbox"/>
An bhfuil pinsean seirbhíse poiblí á fháil agat faoi láthair? (lena n-áirítear pinsean múinteora bunscoile)	Tá	<input type="checkbox"/>	Níl	<input type="checkbox"/>
An bhfuil tú i dteideal sochar pinsin seirbhíse poiblí ar bith sa todhchaí? (Seachas pinsean sa todhchaí ó Mhúinteoireacht Bunscoile agus/nó pinsean seanaoise)	Tá	<input type="checkbox"/>	Níl	<input type="checkbox"/>

Má thug tú an freagra "**Tá/Bhí**" ar cheann ar bith de na ceisteanna thuas léigh an nóta treorach thíos agus comhlánaigh agus sínigh an Dearbhú faoin Acht (Scéim Aonair).

Más "**Níl/Ní raibh**" an freagra ar gach a bhfuil thu, **ní** gá duit an Dearbhú a chomhlánú.

### Nóta Treorach chun an Dearbhú faoin Acht (Scéim Aonair) a chomhlánú

Má bhí tú fostaithe san earnáil phoiblí in Éirinn roimhe seo, comhlánaigh Cuid 1, "Stair Ghairme" ar an bhfoirm Dhearbhaithe don Acht (Scéim Aonair) iniata. (D'fhéadfadh FSS, BOO, Státseirbhís etc a bheith san áireamh i Seirbhís san Earnáil Phoiblí.

Ní gá sonraí maidir le fostaíocht mar Mhúinteoir Bunscoile roimhe seo a thabhairt).

Má tá luach saothair (pá) ar bith á fháil agat ó aon Chomhlacht Seirbhíse Poiblí eile faoi láthair Comhlánaigh Cuid 2 "Luach Saothair /Pá" ar an bhfoirm Dhearbhaithe iniata.

Má tá Sochar Pinsin á fháil agat, nó má tá tú i dteideal ceann a fháil ón Roinn Oideachais, nó ó Chomhlacht Seirbhíse Poiblí ar bith eile, comhlánaigh Cuid 3 "Sochar Pinsin" ar an bhFoirm Dhearbhaithe iniata.

**Ba cheart an fhoirm Dhearbhaithe a bheith sínithe agus dátaithe agus ba cheart UPSP a bheith luaite uirthi**

**Dearbhú faoin Acht (Scéim Aonair)**  
**(Le comhlánú ag daoine atá ag glacadh le ceapachán sa tseirbhís phoiblí)**  
**Úsáid an Nóta Treorach faoi iamh chun cabhrú leat an Dearbhú seo a chomhlánú**

Ba cheart ceisteanna ar bith maidir leis an Dearbhú seo a dhíriú ar Aonad na bPinsean ag [pensions@education.gov.ie](mailto:pensions@education.gov.ie)

*Rabhadh: Mura bhfaighimid an fhoirm seo, agus í comhlánaithe go bioblán agus go cruinn, beidh moill ag baint le tú a ghlacadh isteach i scéim pinsin agus dá bhrí sin, d'fhéadfadh sé go mbeadh ort riaráistí asbhainte pinsin a íoc*

Ceanglaítear an méid seo le halt 51 (*Dualgas dearbhuithe a dhéanamb, etc.*) den Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile) 2012: Aon duine:

(a) a théann i mbun fostaíochta i gcomhlacht seirbhíse poiblí, agus

(b) a bhfuil—

(i) teidlíocht aige nó aici i leith pinsin caomhnaithe nó i leith cnapshuim chaomhnaithe ar bith nó i leith sochar scoir ar bith eile, nó

(ii) a bhfuil sochair scoir faighte aige nó aici nó á bhfáil aige nó aici,

faoi scéim pinsin seirbhíse poiblí atá ann cheana féin agus ar comhalta nó ar chomhalta di é nó í, déanfaidh sé nó sí dearbhú ina leith sin a sholáthar don údarás iomchuí.

1. **STAIR GHAIRME** (nach bhfuil de dhíth **ach AMHÁIN** i dtaca le fostaíocht san Earnáil Phoiblí in **Éirinn** a d'fhéadfadh fostaíocht lasmuigh den earnáil teagaisc/oideachais a chuimsiú m.sh. FSS,BOO, an Státseirbhís etc.) (Níl do Sheirbhís mar Mhúinteoir Bunscoile de dhíth)

**Ní mór duit cóip dheimhnithe den stair sheirbhíse a chur leis seo d'aon seirbhís a bhfuil breac-chuntas uirthi sa tábla thíos**

Fostóir	Dátaí Fostaíochta	Post Inphinsin T/N

2.  Dearbhaím leis seo go bhfuilim ag fáil luach saothair (pá) faoi láthair ó chomhlacht seirbhíse poiblí eile.

**LUACH SAOTHAIR/PÁ (Comhlánaigh má chuir tú tic le “go bhfuilim” thuas)**

Cur síos

Ollphá bliantúil

Údarás Íocaíochta

% den phost Lánaimseartha

3. Dearbhaím leis seo:

- (a)  go bhfuilim ag fáil sochair phinsin faoi láthair **NÓ** (b)  Go bhfuil teidlíocht agam i leith sochair phinsin sa todhchaí mar atá sonraithe thíos.

(a) **SOCHAR PINSIN ATÁ Á ÍOC FAOI LÁTHAIR (Comhlánaigh má chuir tú tic le “go bhfuilim ag fáil” thuas)**

Cur síos (Scor, Drochshláinte, Luathscor)

Údarás íocaíochta

(b) **TEIDLÍOCHTAÍ SA TODHCHAÍ I LEITH SOCHAIR PHINSIN (Comhlánaigh má chuir tú tic le “go bhfuil” thuas).**

Cur síos

Údarás íocaíochta

Sínithe:

Ainm (Bloclitreacha):

Dáta Breithe:

Uimhir PSP:

Uimhir Phárolla:

Dáta:

**D'úsáid na hOifige amháin**

Comhalta den Scéim Aonair T/N

Seolta chuig Aonad na bPinsean

Taifeadta ag